ON OIFIG UM RIALÚ TOBAC

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006

Office of TOBACCO CONTROL

An Oifig um Rialú Tobac
Teach Willow
Páirc na Mílaoise
Nás
Contae Chill Dara
Éire

Fón: +353 45 852700
Fax: +353 45 852799
R-phost: info@otc.ie

www.otc.ie

ISSN: 1649-9689
Nás
Márta 2007



CLÁR

Ráiteas an Chathaoirligh 2

Achoimre an Phríomh-Fheidhmeannaigh 4

Buaicphointí 2006 6

Feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac 8
Cairt Eagrúcháin 9
Comhaltaí an Bhoird 10

Cuspóir 1 14
An comhlíonadh a chinntiú i gcás fhorálacha ábhartha de chuid an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004

Cuspóir 2 20
Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú leí i gcur i bhfeidhm pholasaithe agus chuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil i gcás táirgí tobac

Cuspóir 3 24
Obair thaighde a dhéanamh agus toradh na hoibre sin a scaipeadh mar threisiu le bearta rialaithe a bhfuil bonn fianaise leo i gcás an tobac

Cuspóir 4 30
An tairbhe a chur in iúl a bhainfeadh le hathrú go dtí pobal atá saor ón tobac

Cuspóir 5 36
Coinneáil ag tabhairt críochnúlacht agus acmhainn na hOifige agus na foirne chun cinn d'fhonn cinntiú go gcomhlíontar na feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil

Ráiteas Airgeadais 38

Aguisín A: Treochtaí maidir le Caitheamh Toitíní 39
Aguisín B: Foilseacháin de chuid na hOifige um Rialú Tobac 43



"In ainneoin a fheabhas agus a d'éirigh linn in Éirinn ionaid oibre saor ó thobac a thabhairt i gcrích, d'áiteoinn go tréan nach ceart lagan ar na maidí ná géilleadh do dhearcadh go bhfuil an cath in aghaidh an tobac curtha den chuid is mó. Is í an fhírinne ghéar go bhfaigheann beagnach 6,000 in aghaidh na bliana bás in Éirinn ó ghalar a bhaineann le caitheamh tobac agus ní leor mar léargas an figiúr sin as féin ar oiread an dubhróin agus na fulaingte a tharraingíonn caitheamh an tobac ar mhuintir na hÉireann."

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Seo síos Tuarascáil Bhliantúil na hOifige um Rialú Tobac. Ba é an dochar a dhéantar do shláinte dhaoine óga na hÉireann mar gheall ar róchaitheamh an tobac a bhí mar chúram ar leith don Bhord le bliain anuas. Bhí béim ag an mBord chomh maith ar chothú an ghéilliúnais maidir leis an reachtaíocht faoi ionad oibre saor ó thoit.

Tá bonn maith anois faoi ionaid oibre saor ó thoit in Éirinn agus táthar ag tnúth le oileán iomlán na hÉireann a bheith saor ó thoit sa bhliain 2007. Go deimhin, a bhuíochas go háirithe don cheannródaíocht a rinneadh sa tír seo, tá dlús i gcónaí leis an athrú go dtí ionaid oibre saor ó thoit ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Lean an Oifig i rith na bliana 2006 ag déanamh monatóireachta agus comhordaithe leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Tobac ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an ionad oibre saor ó thoit. Ba mhaith liom a gcuid gairmiúlachta a thréaslú le hOifigh Sláinte Comhshaoil (OSC) Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus na bainistíochta FSS ina gcuid oibre ag cinntiú go ndéantar de réir na reachtaíochta. Is teist an ráta géilliúnais 95% ar a fhorleithne agus atá bá leis an mbeart reachtaíochta seo i measc an phobail.

In ainneoin a fheabhas agus a d'éirigh linn in Éirinn ionaid oibre saor ó thobac a thabhairt i gcrích, d'áiteoinn go tréan nach ceart lagan ar na maidí ná géilleadh do dhearcadh go bhfuil an cath in aghaidh an tobac curtha den chuid is mó. Is í an fhírinne ghéar go bhfaigheann beagnach 6,000 in aghaidh na bliana bás in Éirinn ó ghalar a bhaineann le caitheamh tobac agus ní leor mar léargas an figiúr sin as féin ar oiread an dubhróin agus na fulaingte a tharraingíonn caitheamh an tobac ar mhuintir na hÉireann. Tá an ailse sna scamhóga ar cheann de na cineálacha is fairsinge a tharlaíonn in Éirinn

agus aimsítear sin i 1,500 duine in aghaidh na bliana sa tír. Caitheamh tobac is cúis le 95% den ailse sna scamhóga. Chomh maith leis sin, is mó an baol ailse sna scamhóga do dhaoine nach gcaitheann tobac ach a tharraingíonn toit tobac ó dhaoine eile isteach ina gcuid scamhóga. Caitheamh an tobac is cúis le timpeall is 25% de na cásanna ina bhfaightear bás ó ghalar corónach croí. Tá idir a dhá oiread agus a thrí oiread baoil go dtarlóidh taom croí do lucht caite tobac seachas mar atá do dhaoine nach gcaitheann.

Bíonn gá ag tionscal an tobac le hathnuachan seasta ar an gcomplacht custaiméir chun an leibhéal brabúis a choimeád. Is eol ón obair thaighde a rinneamar féin gur mian le dhá thrian díobh siúd a chaitheann éirí as an tobac ach is mór an dúshlán sin de bharr a ghéire agus a thréine agus a fhaigheann andúil sa nicitín greim. Ina dhiaidh sin féin, tá fianaise shoiléir ann go n-éiríonn le roinnt mhaith daoine a chaitheann tobac éirí as. Is é an trua ansin gur eol dúinn chomh maith go ngéilleann daoine eile agus iad an-óg do mhealladh an tobac.

Sa bhliain 2006, bhí béim ag an Oifig ar théama an duine óig agus caitheamh an tobac. Léiríodh chomh tromchúiseach agus atá an fhadhb le suirbhé ar chaitheamh an tobac i measc daoine óga a rinne TNS mrbi ar choimisiún ón Oifig. Foilsíodh na torthaí sa tuarascáil Children, Youth and Tobacco: Behaviour, Perceptions and Public Attitudes. Ba chúis mhór buartha do gach duine atá ag plé le ceist na sláinte go bhfuarthas amach duine as gach seisear i measc daoine 12-17 bliana d'aois in Éirinn a bheith ag caitheamh tobac. Threisigh an tsuirbhé go mór leis an tuiscint ar an mbaint atá ag brú ó lucht comhaoise le pátrúin chaite tobac, ó bhí 92% de na leanaí a chaitheann tobac a raibh cairde acu a chaitheann tobac. Go contrártha, ní raibh ach 15% de na leanaí nach gcaitheann tobac a raibh cara acu a chaitheann. Ábhar buartha ar leith an tuairisc ó 78% den lucht caite tobac gur thosaigh siad ar chaitheamh an tobac sula raibh 18 bliana slán acu agus an tuairisc ó 53% den lucht caite tobac gur thosaigh siad ar chaitheamh an tobac agus iad 15 bliana d'aois nó níos óige ná sin. Is léir go ndeimhnítear leis an tuarascáil seo an fhianaise atá ann go hidirnáisiúnta gur le linn na hóige a thosaítear ar chaitheamh an tobac.

Tagann an fhianaise ar fad thar lear le dearcadh an Bhoird gur ábhar cinniúnach an praghas maidir le caitheamh tobac a chosc, go háirithe i measc dhaoine óga agus leanaí. Ba chúis mhór áthais dom gur fhógair an tAire Airgeadais ardú ar phraghasanna toitíní i gCáinfhaisnéis 2007. D'fhéadfaí a áiteamh gur suntasaí ná sin moladh an Aire foirmle a chur i bhfeidhm trína soláthraítear d'arduithe i bpraghas an tobac sna blianta atá romhainn. Anuas air sin, d'iarr an tAire ar na Páirtnéirí Sóisialta féachaint le teacht ar chomhaontas maidir le ceist innéacs na bpraghasanna tomhaltais agus arduithe ar phraghas an tobac. Bhí páirt mhór ag ceannródaíocht agus dúthracht earnála uile phobal na hÉireann, go háirithe na Páirtnéirí Sóisialta, leis an dea-thoradh ar an reachtaíocht faoi ionad oibre saor ó thobac in Éirinn. Tá muinín agam go dtabharfaidh an fhianaise doshéanta maidir le caitheamh an tobac agus an praghas go gcuidíonn na páirtithe ar fad le comhaontas a chothú trína dtagtar ar réiteach ar an gceist chasta sin. Ní mór dúinn mar phobal, sláinte ár gcuid leanaí agus daoine óga a choinneáil chun tosaigh ar cheisteanna eile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aird a tharraingt ar dhúthracht an Aire Sláinte agus Leanaí, an Aire Stáit agus oifigigh na Roinne, go háirithe an tAonad um Rialú Tobac, ina gcuid oibre d'fhonn an aisling chomónta a chuirtear i láthair in I nDáil le Sochaí Saor ón Tobac a thabhairt i gcrích. Ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghabháil leis an mBord agus le foireann na hOifige as ucht a gcuid díograise agus a gcuid gairmiúlachta i rith na bliana 2006. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le Ms Marie Killeen, Príomh-Fheidhmeannach Gníomhach i rith an chéad leath den bhliain 2006 agus fáiltiú roimh cheapachán Éamonn Rossi ina Phríomh-Fheidhmeannach.

Táim ag tnúth leis an obair i gcomhar lenár gcuid páirtnéirí uile i rith na bliana 2007 chun dlús a chur leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh i rith na bliana 2006.

An Dr Michael Boland
Cathaoirleach

"I rith na bliana 2006, leagadh béim ar an gceist faoi leanaí agus daoine óga ag caitheamh tobac. Is léir ó obair thaighde a rinne an Oifig go dtacaíonn an pobal go mór le bearta éifeachtúla rialaithe tobac, go háirithe bearta lena bhféachtar le leanaí a chosaint."

ACHOIMRE AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH

Ba bhliain fhíorghníomhach agus thairbhiúil í 2006 sna réimsí ar fad de dhualgas na hOifige. Bhí an fócas i rith na tréimhse sin ar na cúig chuspóir straitéiseacha atá leagtha amach i bplean gnó 2006. Leagadh béim, chomh maith leis sin, ar an gceist faoi leanaí agus daoine óga ag caitheamh tobac i rith na bliana.

Is léir ó obair thaighde a rinne an Oifig go dtacaíonn an pobal go mór le bearta éifeachtúla rialaithe tobac, go háirithe bearta lena bhféachtar le leanaí a chosaint. Ní leor, áfach, toil an phobail leis na bearta a chothú. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbíonn na struchtúir agus na hacmhainní ar fáil lena gcoinnítear an géilliúnas maidir leis an reachtaíocht.

Sa bhliain 2006, rinne an Oifig comhordú agus stiúradh ar an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac d'fhonn comhlíonadh na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) a chinntiú. I measc bhuaicphointí an chláir cigireachta, bhí siad seo a leanas:

- Rinneadh 32,012 cuairt chigireachta faoin gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac a ndéanann an Oifig comhordú air i gcomhar le FSS;
- Bhíothas ag teacht le halt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004 i gcás 95% de na hionaid oibre a ndearnadh cigireacht mar gheall orthu;
- Tugadh 35 cás maidir le cionta faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac). Tháinig 37 ciontú de bharr na gcásanna sin agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm ceithre huaire. Ba maidir le háitreabh ceadúnaithe 31 de na cionta.

Tá páirt thábhachtach i gcónaí ag an Líne Ló-Ghlao um Chomhlíonadh na Reachtaíochta faoin tSaoirse ón Tobac i gcothú agus i gcoinneáil an ghéilliúnais maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac. I rith na bliana 2006, 922 glao a tháinig go dtí an líne, líon níos ísle ná an 1,353 glao sa bhliain 2005. Is teist eile an laghdú ar líon na nglaonna i rith na bliana 2006 ar na leibhéil arda géilliúnais don dlí agus glactha leis an reachtaíocht i measc an phobail i gcoitinne.

Maidir leis an gceist faoi tháirgí tobac a dhíol le daoine faoi aois; sa bhliain 2006, rinne an Ard-Chúirt, i gcás comhairliúcháin a cuireadh faoi bhráid, an prótacal a dhréacht an Oifig i gcomhar le FSS a mheas. Bhí baint ag an bprótacal seo le "ceannachán tástála" thairgí tobac ag daoine faoi aois. Ba é breith na cúirte, *inter alia*, nach raibh an ceannachán tástála in aghaidh an bheartais phoiblí agus, go deimhin, go mba den riachtanas é chun leanaí a chosaint. Beidh cur i gcoinne dhíol tháirgí tobac le daoine faoi 18 bliana d'aois ina cheist tús áite i gcónaí ag an Oifig.

Bíonn taighde bunaithe ar fhianaise mar bhonn le clár beartais na hOifige. Ba léir arís ó obair thaighde a coimisiúnaíodh i rith na bliana 2006 na buntáistí sláinte do phobal na hÉireann a thagann ón reachtaíocht faoin ionad oibre saor ón tobac. Rinne an Oifig monatóireacht chomh maith ar leitheadúlacht an tobac agus na nósanna a bhaineann leis de réir na míosa i rith na bliana 2006. Ba léir ó shonraí mhí na Nollag go bhfuil líon iomlán na ndaoine (15 bliana agus níos sine) a chaitheann tobac faoi 25% i gcónaí. D'fhoilsigh an Oifig obair thaighde i rith na bliana chomh maith a léirigh go gcaitheann 16% de na leanaí idir 12-17, ábhar buartha.

I rith na bliana 2006, d'fháiltigh an Oifig roimh an ardú 50 faoin gcéad ar phraghas phac 20 toitín a fógraíodh sa Cháinfhaisnéis i mí na Nollag. D'fháiltigh an Oifig chomh maith roimh fhógra an Aire Power, agus ár gcuid oifigí nua i Nás á n-oscailt go hoifigiúil, go bhfeicfear deireadh faoin 31 Bealtaine 2007 le pacaí níos lú ná 20 toitín á ndíol in Éirinn chomh maith le milseogra i gcruth toitíní.

Chaith an Oifig acmhainní suntasacha sa bhliain 2006 le caingean dlí arna thabhairt san Ard-Chúirt ag roinnt comhlachtaí tobac agus páirtithe eile in aghaidh fhorálacha éagsúla de chuid na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 a chosaint. I mí Eanáir 2007, d'iarr agus fuair na Gearánaithe (na comhlachtaí tobac agus páirtithe eile) ordú san Ard-Chúirt nach leanfaí leis an triail agus go scriosfaí amach na himeachtaí. Ghlac na Gearánaithe freagracht as costaisí an Stáit.

Ag breathnú ar aghaidh agus ag cur leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh sa bhliain 2006, déanfaidh an Oifig anois, i gcomhar lenár gcuid páirtnéirí, tosú ar an gcéad chéim eile den chlár oibre maidir le rialú an tobac a thabhairt i gcrích.

Éamonn Rossi
Príomh-Fheidhmeannach

BUAICPHOINTÍ 2006

Fuarthas go raibh 95% de na láithreacha oibre a ndearnadh iniúchadh orthu mar chuid den Chlár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac ag comhlíonadh Alt 47 (foráil do láthair oibre gan cead caite) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004.

Ag oscailt oifigiúil áitreabh nua na hOifige i Nás na Ríogh i mí na Nollag, dhearbhaigh an tAire Seán Power TD, go mbeadh sé i gcoinne an dlí toitíní a dhíol i bpacáistí le líon níos lú ná 20 toitín, le héifeacht ón 31 Bealtaine 2007.

Sheol an Oifig feachtas eolais náisiúnta chun béim a leagan ar na freagrachtaí atá ar mhiondíoltóirí a chinntiú nach ndíoltar táirgí tobac le daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, TD an tuarascáil taighde, *Children, Youth and Tobacco: Behaviour, Perceptions and Public Attitudes*, ar an 28 Samhain 2006.

D'éirigh le hionchúisimh i 34 cás neamhchomhlíonta reachtaíochta a bhain le láithreacha oibre gan cead caite. Mar thoradh air sin, ciontaíodh iad siúd a sháraigh an reachtaíocht i 37 cás agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i gceithre chás.

Ar an 10 agus 11 Aibreán reáchtáil an Oifig cruinniú de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte áit ar bhuail contrapháirithe lena chéile atá páirteach i Straitéis na hEorpa um Rialú Tobac.

I mí na Nollag, agus aitheasc Cháinfhaisnéis 2007 á thabhairt ag an Aire Airgeadais, d'fhógair sé ardú de 50 cent an paca 20 toitín sa dleacht máil.

FEIDHMEANNA NA HOIFIGE UM RIALÚ TOBAC

Is comhlacht reachtúil an Oifig um Rialú Tobac a bunaíodh chun polasaí an Rialtais maidir le rialú ar chúrsaí tobac a chur i bhfeidhm agus an riarachán mar gheall air a dhéanamh de réir mar a leagadh amach sa tuarascáil *I nDáil le Sochaí Saor ó Thobac*, a foilsíodh sa bhliain 2000.

Tá an Oifig dúthrachtach maidir le treisiú le polasaí an Rialtais sochaí saor ó thobac a chur chun cinn trí na feidhmeanna a sannadh di faoin Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 a chomhlíonadh ar bhealach críochnúil, neamhspleách.

Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar na feidhmeanna sin:

1. Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú leis nó léi polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil ar tháirgí tobac go ginearálta a chur i bhfeidhm;
2. Dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta cuí maidir lena bhfuil ag teacht chun cinn i gcúrsaí rialú an tobac;
3. Comhairle a chur ar an Aire maidir le haon bhearta breise ba cheart a dhéanamh chun caitheamh an tobac nó a thoradh a laghdú nó a thabhairt ar neamhní;
4. Obair thaighde a eagrú agus scaipeadh a dhéanamh ar thoradh na hoibre sin;
5. Comhordú a dhéanamh ar chlár cigireachta náisiúnta i gcomhar leis na boird sláinte;
6. Comhairle a chur ar an Aire de réir mar is gá maidir le bearta lucht thionscal an tobac i gcúrsaí táirgíochta agus margaíochta;
7. Aon fheidhm eile a shannódh an tAire don Oifig ó am go ham a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Oifig um Rialú Tobac feidhmeanna sainiúla áirithe ar nós clár d'áitribh mhiondíolacháin a choimeád agus tástáil géilliúnais a dhéanamh i gcás táirgí tobac.

CAIRT EAGRÚCHÁIN



COMHALTAÍ AN BHOIRD

An tAire Sláinte agus Leanaí a cheapann Bord na hOifige um Rialú Tobac. I rith na bliana 2006, bhí deichniúr comhaltaí ar an mBord a bhain le réimse leathan disciplíní ábhartha, ina measc, lucht leighis, lucht acadúlachta, lucht bainistíochta sna seirbhísí sláinte agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Is é an Dr Michael Boland, Stiúrthóir Ionad Acmhainne na nIarchéimithe i gColáiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, Cathaoirleach an Bhoird. Bhí ocht gcinn de chruinnithe ag an mBord i rith na bliana 2006.

1

2

3

4

5

6

7

8

9

10

1. **An Dr Michael Boland** (Cathaoirleach)
   Stiúrthóir
   Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
2. **An tOll. Shane Allwright**
   Comhollamh san Eipidéimeolaíocht
   Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
3. **Tony Christie**
   Príomh-Oifigeach Sláinte Comhshaoil
   Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Limistéar an Deiscirt)
4. **An Dr Patrick Doorley**
   Stiúrthóir Náisiúnta, Sláinte an Daonra
   Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
5. **Nuala Flavin**
   Stiúrthóir na Forbartha/Bainisteoir Cláir
   An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
6. **Ann Guilfoyle**
   Comhalta den Bhord Bainistíochta
   Scoil an Bhreac Chluain
7. **An Dr Brendan O'Shea**
   Dochtúir Teaghlaigh
   Droichead Nua
8. **Donal O'Shea**
   Cathaoirleach
   Ospidéal Beaumont
9. **An Dr Edward O'Sullivan**
   Leas-Chathaoirleach
   Comharchumann Dochtúirí Teaghlaigh Chathair Chorcaí
10. **An tOll. Michael P Ryan**
    Roinn na Cógaseolaíochta
    Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

CÉ GUR LE LINN NA HAOSACHTA A FHEICTEAR NA GALAIR, AGUS FIÚ AMHÁIN BÁS, A BHÍONN MAR THORADH AR CHAITHEAMH TOBAC, IS MAR DHÉAGÓIRÍ IS MÓ A THOSAÍONN AN ANDÚIL I MEASC CAITEOIRÍ. MAR SIN, IS GALAR PÉIDIATRAICE É AN ANDÚIL NICITÍN I NDÁIRÍRE.

Kessler DA *et al. Nicotine addiction: a pediatric disease.* J Pediatr, Apr 1997; 130 (4): 518-524.

CUSPÓIR 1

An **comhlíonadh a chinntiú** i gcás fhorálacha ábhartha de chuid an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004.

Tá réimse dualgas ar an Oifig maidir le comhlíonadh na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004 a chinntiú. Go sonrach, tá seo a leanas mar chuid de ról na hOifige:

- An Clár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac don reachtaíocht faoin ionad oibre saor ón tobac a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air;
- Feidhmiú mar oifigeach údaraithe agus caingean dlí a thionscain de réir mar is gá;
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh maidir leis na ceangaltais náisiúnta dlí ar thionscail an tobac agus tionscail ghaolmhara;
- Forálacha sa reachtaíocht láithreach agus forálacha a bheartaítear maidir le rialú tobac a mheas agus moltaí a dhéanamh nuair is gá sin;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chora idirnáisiúnta i gceapadh an dlí agus i gcúrsaí dlíthíochta maidir le rialú tobac.

Maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac, bhí an t-ardleibhéal comhlíonta i rith na bliana 2006 ina fhianaise arís ar an tacaíocht atá leis an mbeart go forleathan i measc an phobail. Bhí an fhorfheidhmiú a rinne OSC de chuid FSS, tríd an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac, fíorthábhachtach i gcónaí maidir leis na leibhéil comhlíonta a choinneáil chomh hard sin.

Rinne an Oifig roinnt bearta eile i rith na bliana 2006 mar thaca le hobair an Chláir Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac. Ina measc sin, bhí monatóireacht agus cur chun cinn an Líne Ló-Ghlao faoin gComhlíonadh maidir leis an Reachtaíocht faoin tSaoirse ón Tobac chomh maith le feachtas eolais poiblí a díríodh ar mhiondíoltóirí tobac. D'eagraigh an Oifig seimineár do OSC chomh maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar chora den tábhacht i gcúrsaí forfheidhme maidir le rialú tobac.

Mar a tharlaíonn i gcás gach beart reachtaíochta, tiocfaidh ceisteanna léirmhínithe chun cinn arb iad na Cúirteanna sa deireadh a chaithfidh cinneadh mar gheall orthu. Bhí dhá chás dá leithéid, maidir leis an reachtaíocht faoi rialú tobac, arna scrúdú ag an Ard-Chúirt i rith na bliana 2006. Is fiúntach na fasaigh a fhágann na breitheanna fabharacha sa dá chás sin agus cuideoidh siad leis an Oifig agus le FSS ina gcuid iarrachtaí forfheidhme.

An Clár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac

Bhí cuid mhór d'obair na hOifige sa bhliain 2006 dírithe arís ar an gcomhlíonadh a chinntiú i gcás na reachtaíochta faoin ionad oibre saor ó thobac. Ba tríd an gcomhordú ar an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac i gcomhar le FSS a rinneadh sin. Leagtar ar OSC, na hoifigigh údaraithe faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), imscrúdú a dhéanamh faoi chásanna ina sárófaí an reachtaíocht agus tá sin fíorthábhachtach maidir leis an bhforfheidhmiú. Is soiléir ó anailís ar shonraí comhlíonta na bliana 2006 ardleibhéal comhlíonta maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac agus tacaíocht mhór i measc an phobail leis an mbeart tábhachtach sin i gcúrsaí sláinte poiblí.

I rith na bliana 2006, tugadh faoi phlean mór oibre forfheidhmithe faoin gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac, na bearta seo a leanas mar chuid de:

- Rinne na OSC 32,012 beart cigireachta;
- Ionchúiseamh sásúil ar 34 cás maidir le neamhchomhlíonadh na reachtaíochta faoin ionad oibre saor ó thobac. Tháinig 37 ciontú dá mbarr agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i gceithre chás;

- Monatóireacht leanúnach ar an Líne faoin gComhlíonadh i gcás na Reachtaíochta faoin tSaoirse ó Thobac. Tháinig 922 glao chuig an líne i rith na bliana 2006. Phléigh foireann cigireachta na hOifige chomh maith le beagnach 700 fiosrúchán ag lorg eolais maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac agus ceisteanna gaolmhara;
- Seimineár lae a eagrú do OSC d'fhonn ceisteanna forfheidhmithe agus an cásdlí maidir le forfheidhmiú i gcúrsaí tobac a chíoradh;
- Cumarsáid leanúnach leis na geallsealbhóirí is tábhachaí maidir le forfheidhmiú agus rialú i gcúrsaí tobac d'fhonn cinntiú go dtarlódh cur i bhfeidhm an Chláir Chigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac gan anró. Áirítear an Roinn Sláinte agus Leanaí agus FSS orthu sin;
- D'éirigh leis an iarratas ar an Ard-Chúirt go gceanglófaí an Oifig mar *Amicus Curiae* leis an gcás comhairliúcháin a cuireadh faoi bhráid na cúirte sin maidir le díolachán le daoine faoi aois.

Cuairteanna Cigireachta ar Ionaid Oibre

Is é an príomhfhoinse eolais atá ann faoin gcomhlíonadh ar fud na tíre maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac, na sonraí ón gclár cuairteanna cigireachta a dhéantar i ngach limistéar de chuid FSS. Tiomsaítear an t-eolas sin trí phrótacáil náisiúnta faoin gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac a úsáid.

Tugtar achoimre in Tábla 1 thíos ar na sonraí faoi ghearáin, cuairteanna cigireachta agus leibhéil comhlíonta. Is é an tátal ginearálta ó na sonraí gur fhan na leibhéil chomhlíonta náisiúnta ard arís i rith na bliana 2006. Maidir leis an bhforáil faoin ionad oibre saor ó thobac (Alt 47), fuarthas go rabhthas á chomhlíonadh i gcás 95% de na háitribh a scrúdaíodh. Maidir leis an bhforáil faoi chomharthaí 'Cosc ar Tobac' (Alt 46), tuairiscítear a bheith á chomhlíonadh i gcás 88% de na hionaid ar fud na tíre.

Léirítear i gCairt 1 ráta an chomhlíonta de réir limistéir FSS i ndáil le hionad oibre saor ó thobac a chur ar fáil. Bhí na leibhéil comhlíonta idir 93% agus 95%.

Cairt 1: Alt 47 Cosc ar Chaitheamh Tobac - % Comhlíonadh de réir Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



Léirítear i gCairt 2 ráta an chomhlíonta de réir limistéir FSS i ndáil le comharthaí 'Cosc ar Tobac' a chur ar fáil. Bhí na leibhéil chomhlíonta idir 81% agus 91%.

Cairt 2: Alt 46 Comharthaíocht 'Cosc ar Tobac' - % Comhlíonadh de réir Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



Tábla 1: Sonraí Náisiúnta faoin gComhlíonadh

Cineál Gnóthais	Gearáin	Cuairteanna Cigireachta	Líon ag Comhlíonadh Alt 47	Líon ag Comhlíonadh Alt 46	% ag Comhlíonadh Alt 47	% ag Comhlíonadh Alt 46
Óstán	70	1219	1154	1108	95	91
Bialann	34	6245	6140	5583	98	89
Áitreabh Ceadúnaithe	769	8456	7239	7641	86	90
Eile	459	16092	15797	13683	98	85
Iomlán	**1332**	**32012**	**30330**	**28015**	**95**	**88**

Ionchúisimh

Tá páirt fíorthábhachtach ag an bhforfheidhmiú gníomhach ag OSC faoin gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac ag cur dlús lena bhfuil bainte amach faoin reachtaíocht faoin ionad oibre saor ón tobac.

Chinntigh OSC i rith na bliana 2006, sa chás go dtángthas ar fhianaise gur sáraíodh an reachtaíocht go mór nó go buan, gur tionscnaíodh ionchúisimh sna Cúirteanna Dúiche. Mar a tharla sna blianta 2004 agus 2005, d'éirigh leis an gcuid is mó de na hionchúisimh sin.

Sa bhliain 2006, tugadh 35 cás maidir le cionta faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac). Tháinig 37 ciontú de bharr na gcásanna sin agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm ceithre huaire. Sa bhliain 2005, tugadh 39 cás ar tharla 45 ciontú dá mbarr agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm trí huaire.

Seo a leanas léargas ó bhriseadh síos ar chionta na bliana 2006:

- Ba maidir le háitreabh ceadúnaithe 31 acu;
- Bhain trí cinn le comhlachtaí tacsaíthe;
- Bhain ceann amháin le tiománaí bus;
- Tugadh trí cinn in aghaidh dhaoine aonair de bharr tobac a chaitheamh in áit shonraithe;
- Tugadh ceithre cinn maidir le botháin chaite tobac taobh amuigh nach raibh ag teacht leis an reachtaíocht.

D'éirigh leis an ionchúiseamh i 34 de na cásanna agus díbheadh cás amháin. Níorbh fhéidir ionchúiseamh i roinnt de na cásanna murach comhoibriú an Gharda Síochána.

Seo a leanas líon na n-ionchúiseamh de réir gach limistéar de chuid FSS:

Líne faoi Chomhlíonadh an Reachtaíochta maidir leis an tSaoirse ón Tobac

Tá an Líne Ló-Ghlao faoin gComhlíonadh maidir leis an tSaoirse ón Tobac (1890 333 100) i bhfeidhm ón 29 Márta 2004 nuair a tugadh isteach an reachtaíocht. Is bealach éifeacht an líne ag an bpobal chun gearáin nó ábhair bhuartha a chur ar taifead. Is deismireacht taca ag an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac an líne chomh maith agus ról tábhachtach aici i gcothú agus i gcoinneáil an ghéilliúnais.

Tháinig 922 glao in iomláine chuig an líne i rith na bliana 2006 agus ba gearáin a bhain le 797 nó 86% de na glaonna a tháinig (Tábla 3). Bhain 428 (54%) de na glao gearáin le hearnáil na hóstaíochta agus 384 acu sin le háitribh faoi cheadúnas. 1,353 glao in iomláine a tháing chuig an líne sa bhliain 2005.

Feachtas Eolais Poiblí

I mí na Samhna agus i mí na Nollag 2006, chuaigh an Oifig i mbun fheachtais fhógraíochta ar raidió réigiúnach i nGaillimh, Maigh Eo agus sa Chábhán/Muineacháin ag cur na huimhreach ló-ghlao (1890 333 100) chun cinn. Ba é cuspóir a bhí leis an bhfeachtas aird a dhíriú ar a fheabhas agus a d'éirigh leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac agus ag an am céanna meicníocht shimplí a thabhairt don phobal i gcoitinne casaoid a dhéanamh i gcás nach rabhthas ag déanamh de réir an dlí. Cuirtear, ar an gcaoi seo, eolas sonrach ar fáil do OSC a chuidíonn leis an iarracht forfheidhmithe.

Fiosruithe ón bPobal

Chomh maith le glaonna a thagann tríd an Líne um Chomhlíonadh na Reachtaíochta faoin tSaoirse ón Tobac, d'fhreagair aonad Cigireachta na hOifig beagnach 700 fiosrúchán eolais agus gearán maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ón tobac agus tugadh treoir do lucht tionscal na hóstóireachta agus d'ionaid oibre eile.

Tábla 2: Táscaire Feidhmíochta Ionchúiseamh de réir Limistéar FSS

Limistéar FSS	Líon na gCásanna	Líon na gCiontuithe	An tAcht Promhaidh i bhfeidhm
Baile Átha Cliath Lár Laighean	8	9	0
Baile Átha Cliath an tOirthuaisceart	2	1	2
An Deisceart	9	9	0
An tIarthar	16	18	2
Iomlán	**35**	**37**	**4**

Tábla 3: Líon na nGlaonna ar an Líne maidir le Comhlíonadh an Reachtaíochta faoin tSaoirse ón Tobac

2006													
Cineál Glao	**Ean**	**Feabh**	**Már**	**Aib**	**Beal**	**Meith**	**Iúil**	**Lún**	**M Fó**	**D Fó**	**Samh**	**Noll**	**IOMLÁN**
Gearán	89	102	123	69	51	58	50	48	63	45	47	52	797
Iarratas ar Eolas	1	2	1	1	0	5	1	1	3	6	4	2	27
Ceist	4	4	3	2	8	3	5	2	9	5	6	2	53
Glao Bréige	7	5	3	2	2	4	4	1	7	6	3	1	45
Líon Iomlán Glaonna	**101**	**113**	**130**	**74**	**61**	**70**	**60**	**52**	**82**	**62**	**60**	**57**	**922**

Seimineár d'Oifigigh Shláinte Comhshaoil
Is gné thábhachtach den Chlár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac go n-éireodh le hionchúisimh. Dá bhrí sin, díríodh an dara seimineár bliantúil don fhoireann formeidhmithe ar anailís agus forléargas ar an gcásdlí atá tagtha chun cinn sa réimse seo go dtí seo. Chuir abhcóidí sinsearacha a raibh páirt acu i gcásanna rialú tobac os comhair na hArd-Chúirte leis an seimineár chomh maith. Tá ról cinniúnach ag malartú eolais den chineál sin má tá an rath atá ar an gclár cigireachta le leanacht ar aghaidh.

Bunachar Sonraí Náisiúnta

Cuidíonn an Oifig i gcónaí le grúpa oibre FSS a bhfuil leagtha air bunachar sonraí náisiúnta maidir le rialú tobac a thabhairt chun cinn. Nuair a chríochnófar sin, beidh córas náisiúnta ar fáil ina gceapfar eolas a thagann ón gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac. Beidh fiúntas mór as sin agus beartais á gceapadh agus tionscnaimh dá réir á gcur i bhfeidhm.

Agóid dlí in aghaidh na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004

Tar éis achtú na reachtaíochta thionscnaigh roinnt comhlachtaí tobac agus tionscal gaolmhar imeachtaí in aghaidh an Stáit, an Aire Sláinte agus Leanaí agus na hOifige ag agóid nach raibh gnéithe den bheart ag teacht de réir an bhunreachta. D'oibrigh an Oifig go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le foireann dlí an Stáit i rith na bliana 2006 agus caitheadh acmhainní suntasacha le cosaint chinniúnach an chaingin sin.

Breitheanna de chuid na hArd-Chúirte

Fágann dhá bhreith de chuid na hArd-Chúirte i rith na bliana 2006 fasaigh tairbheacha ann a chuideoidh go mór leis an Oifig agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san fhorfheidhmiú a bhaineann leis an rialú ar chúrsaí tobac.

Tugadh breith, ag eascairt as cás comhairliúcháin arna chur i láthair na Cúirte, nach sáinniú atá ann má chuirtear mionaoisigh chun feidhme d'fhonn díolachán mídhleathach an tobac le custaiméirí faoi aois a bhrath. Ba é breith na cúirte chomh maith nach raibh páirt mhionaoiseach i gcásanna dá shórt in aghaidh an pholasaí poiblí agus, go deimhin, go raibh sé riachtanach chun na leanaí féin a chosaint. Seasadh sa bhreith chomh maith le húsáid phrótacail ag OSC a chuir an Oifig le chéile i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, d'fhonn cuidiú le beartaíocht forfheidhmithe dá shórt. Cé nach raibh an Oifig i mbun an cháis go díreach, glacadh le hiarratas na hOifige go luaifí í mar *Amicus Curiae* (cara de chuid na Cúirte) leis na himeachtaí.

Chomh maith leis sin, ba cheart go mba chabhair breith maidir le struchtúr áirithe faoin aer agus measúnú á dhéanamh i ndáil leis an ngéilliúnas maidir leis an reachtaíocht faoi láthair oibre saor ó thoit tobac i gcás struchtúir faoin aer.

Díolachán le Mionaoisigh

Chuaigh an Oifig i mbun feachtais eolais phoiblí go mall sa bhliain 2006 ag cur i gcuimhne do mhiondíoltóirí go bhfuil de fhreagracht orthusan gan táirgí tobac a dhíol leo siúd nach bhfuil ocht mbliana déag slán acu.

THOSAIGH 78% DE CHAITEOIRÍ IN ÉIRINN AG CAITHEAMH TOBAC SULA RAIBH 18 MBLIANA D'AOIS SROICHTE ACU. IS LÉIR MAR SIN GUR LE LINN NA hÓIGE AGUS NA nDÉAGA IS MÓ A THOSAÍTEAR AR THOBAC A CHAITHEAMH.

An Oifig um Rialú Tobac. *Leanaí, an Óige agus an Tobac: Iompar, Tuiscintí agus Meon an Phobail Nás*, Contae Chill Dara, An Oifig um Rialú Tobac, Samh 2006.

CUSPÓIR 2

Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú leí i gcur i bhfeidhm pholasaithe agus chuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil i gcás táirgí tobac

Ceann de na príomhfheidhmeanna ag an Oifig um Rialú Tobac comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí maidir le húsáid tobac, tionchar an tobac go ginearálta ar dhaoine agus moltaí maidir le bearta a laghdódh nó a chuirfeadh deireadh le caitheamh tobac agus lena thionchar sin ar an bpobal. Téann an dualgas sin comhairle agus eolas a chur ar fáil don Rialtas maidir le rialú tobac chomh fada le hAirí eile agus údaráis ábhartha eile nuair a mheasann an Oifig gur chuí sin. Cuireann an Oifig comhairle ar an Aire agus ar an Roinn Sláinte agus Leanaí chomh maith maidir le héifeachtúlacht na reachtaíochta rialaithe tobac in Éirinn. Tagann monatóireacht agus tuairiscíocht maidir le comhlíonadh bheart na reachtaíochta faoin ionad oibre saor ón tobac leis an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac san áireamh leis sin.

Tá an Oifig freagrach go sonrach as cuidiú leis an Aire polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil tháirgí tobac a chur i bhfeidhm. Leagtar de dhualgas ar an Oifig comhairle a chur ar fáil nuair a iarrtar sin maidir le:

- Déantúsaíocht, allmhairiú, díol nó soláthar agus caitheamh tháirgí tobac;
- Straitéisí a bhíonn in úsáid ag déantúsóirí, allmhaireoirí, dáilitheoirí agus miondíoltóirí tháirgí tobac;
- Teicneolaíocht a bhíonn in úsáid i ndéantúsaíocht, táirgeadh, margaíocht tháirgí tobac agus bearta nuála ina thaobh sin.

Comhairliúchán

I rith na bliana 2006, bhuail ionadaithe de chuid na hOifige leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal TD, leis an Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Seán Power Uasal TD, agus le hoifigigh de chuid na Roinne ar bhonn leanúnach. Tá ról tábhachtach ag comhairliúchán den chineál sin i dtabhairt chun cinn na bpolasaithe maidir le rialú tobac agus fógraíodh roinnt bearta suntasacha ina thaobh sin le bliain anuas. Bhí go háirithe an cheist thromchúiseach maidir le leanaí, leis an óige agus tobac ina ábhar béime ag an Rialtas.

Ardú ar an Dleacht Máil maidir le Tobac

D'admhaigh an tAire Harney ag seoladh thuarascáil ar obair thaighde de chuid na hOifige, Children, Youth and Tobacco, i mí na Samhna an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag praghasanna ardaithe ag dul i ngleic le húsáid fhorleata an tobac. Chuir an Oifig tuairimí den chineál céanna in iúl san aighneacht réamhcháinfhaisnéise inar luadh gur bac suntasach roimh dhaoine óga a bheadh in ardú mór ar chánacha tobac, go háirithe i gcás toitíní agus tobac lena ndéanann daoine a gcuid toitíní féin. Féadann go háirithe arduithe den saghas sin na mílte daoine a chosc ó thosú ar chaitheamh an tobac sa chéad áit.

I mí na Nollag, agus aitheasc Cháinfhaisnéis 2007 á thabhairt ag an Aire Airgeadais, Brian Cowen Uasal TD, d'fhógair sé ardú de 50 cent an paca 20 toitín sa dleacht máil agus suimeanna dá réir i gcás tháirgí eile tobac. Luaigh sé san aitheasc chomh maith go raibh caitheamh tobac ar cheann de na cúiseanna is mó le drochshláinte in Éirinn agus leag sé béim ar an ngá atá le srian a chur le caitheamh an tobac, go háirithe i measc dhaoine óga. Luaigh an tAire Cowen an gá atá le harduithe eile fós

go ceann tréimhse amach romhainn sna dleachta máil ar an tobac chun cinntiú go dtagann ardú i dtéarmaí dáiríre ar phraghas an tobac. D'agair sé ar na Páirtnéirí Sóisialta, i bhfianaise mheon chothaithe sláinte an bhirt seo, aontú go maithfí tionchar iomlán na n-arduithe sna praghasanna seo, nó cuid de, agus socrú á dhéanamh faoin tagarmharc boilscithe a bhaineann le hábhar.

Toirmeasc maidir le Toitíní a Dhíol i bPacaí níos lú ná 20 Toitín

I mí Márta 2006, agus Tuarascáil Bhliantúil 2005 na hOifige á seoladh, d'fhógair an tAire Power go raibh rún ag an Rialtas tús a chur le próiseas comhairliúcháin d'fhonn tosach feidhme a chur le forálacha breise de chuid na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac). Dúirt an tAire go gcuirfeadh sin dlús le bearta a bhí i bhfeidhm cheana féin chun dul i ngleic leis an mbagairt ó chaitheamh an tobac don tsláinte phoiblí. Ina dhiaidh sin, iarradh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus ó dhaoine den phobal maidir le cosc a chur ar dhíolachán toitíní i bpacaí níos lú ná 20 toitín.

Ar an 7 Nollaig 2006, ag oscailt oifigiúil ionad nua na hOifige i Nás, dheimhnigh an tAire go mbeadh tosach feidhme leis na haltanna cuí sa reachtaíocht le héifeacht ón 31 Bealtaine 2007, Lá Saor ó Thobac an Domhain. Ón dáta sin beidh sé in aghaidh an dlí toitíní a dhíol i bpacaí níos lú ná 20 toitín. Beidh cosc chomh maith ar mhilseogra i gcruth táirgí tobac a dhíol. Tuairiscítear sa tuarascáil Children, Youth and Tobacco ar obair thaighde de chuid na hOifige gur iondúil gur pacaí 10 gcinn de thoitíní a cheannaíonn 76% de na daoine faoi aois a chaitheann tobac.

Straitéis Eorpach maidir le Rialú Tobac

I mí Aibreáin, d'eagraigh an Oifig, thar ceann na Roinne Sláinte agus Leanaí, cruinniú de chuid na Eagraíocht Sláinte Dhomhanda de na comhpháirtithe náisiúnta maidir leis an Straitéis Eorpach do Rialú an Tobac. Bhí ionadaithe ó níos mó na 30 tír i láthair ag an ócáid a reachtáladh i mBaile Átha Cliath.

Leitheadúlacht Chaitheamh an Tobac

Lean an Oifig i rith na bliana 2006 ag déanamh monatóireachta ar bhonn míosúil ar leitheadúlacht chaitheamh toitíní agus ar an nósmhaireacht a bhaineann leis d'fhonn léargas mion a fháil ar na pátrúin a bhaineann le caitheamh an tobac in Éirinn agus d'fhonn treochtaí faoin bpátrún sin a thabhairt faoi deara. Cuirtear an t-eolas sin ar aghaidh chuig an rialtas ar bhonn leanúnach agus cuidíonn sé le bonn eolais a chur faoi chinntí polasaí. Cuireann na sonraí leis an mbonn fianaise a úsáidtear agus na bearta á dtabhairt chun cinn is gá chun pobal saor ón tobac a thabhairt i gcrích.

Tuarascáil Bhliantúil

D'ullmhaigh an Oifig Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2005 agus chuir faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí í de bhun fhorálacha alt 25 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Leagadh amach sa tuarascáil príomhobair na hOifige i rith na bliana 2005.

An Oifig um Rialú Tobac. *Leanaí, an Óige agus an Tobac: Iompar, Tuiscintí agus Meon an Phobail Nás*, Contae Chill Dara, An Oifig um Rialú Tobac, Samh 2006.

I GCÁS **92%** DE NA LEANAÍ IDIR 8-17 MBLIANA D'AOIS A CHAITHEANN TOBAC, TÁ CARA ACU A CHAITHEANN FREISIN.

NÍL ACH **15%** DE NA LEANAÍ IDIR 8-17 MBLIANA NACH GCAITHEANN TOBAC, A BHFUIL CARA ACU A CHAITHEANN TOBAC.

CUSPÓIR 3

Obair thaighde a dhéanamh agus toradh na hoibre sin a scaipeadh mar threisiú le bearta rialaithe a bhfuil bonn fianaise leo i gcás an tobac

Ní mór fianaise láidir mar bhonn taca le cláir rialaithe tobac agus san fhorbairt ar pholasaí éifeachtach sláinte poiblí. Dá bharr sin, is gné ríthábhachtach de bheartaíocht na hOifige an taighde. Leagtar amach na feidhmeanna ina thaobh sin faoi Alt 10 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Áirítear ina measc:

- Taighde a dhéanamh nó urraíocht nó coimisiúnú a dhéanamh ar thaighde lena bhféachtar le bearta a shonrú ar dócha go laghdófar ar chaitheamh an tobac nó ar a thoradh dá mbarr;
- Tuairiscí taighde fiúntacha a ullmhú agus a fhoilsiú.

Cuireann an Oifig di an fheidhm sin trí mhaoiniú a chur ar fáil don Institiúid Taighde maidir le Sochaí Saor ó Thobac. Déanann an Oifig tograí sonracha a choimisiúnú ón Institiúid Taighde chomh maith le hobair a choimisiúnú ó eagraíochtaí agus áisínteachtaí eile a bhaineann le hábhar. Is beart príomhtháhachtach ag an Oifig i gcónaí an acmhainn taighde a thabhairt chun cinn trí chaidreamh comhair go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

I mí na Samhna 2006, d'fhoilsigh an Oifig an tuarascáil *Children, Youth and Tobacco: Behaviour, Perceptions and Public Attitudes*. Lean an Oifig chomh maith ag déanamh monatóireachta ar bhonn míosa ar leitheadúlacht chaitheamh an tobac mar chuid den chlár taighde

Leanaí, an Óige agus an Tobac: Iompar, Tuiscintí agus Meon an Phobail

Tá cosaint daoine óga sula mbíonn siad tugtha don tobac le handúil ann mar phríomhchuspóir le tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe maidir le Polasaí Saoirse ón Tobac – *I nDáil le Sochaí Saor ó Thobac*. Chun tuiscint iomlán a fháil ar cheist an tobac i measc dhaoine óga, is tábhachtach an rud measúnú iomlán a dhéanamh ar ghéire an cháis. Déantar cíoradh sa tuarascáil *Children, Youth and Tobacco: Behaviour, Perceptions and Public Attitudes* ar roinnt de na ceisteanna a bhaineann leis an tobac i measc dhaoine óga in Éirinn. Scrúdaíodh meon an phobail maidir le bearta a chuideodh le dul i ngleic leis an gceist mhór sin i gcúrsaí sláinte poiblí sa tuarascáil chomh maith.

Seo a leanas roinnt de phríomhthorthaí oibre na tuarascála:

- Caitheann 16% de na daoine idir 12-17 bliana d'aois tobac;
- Deir 78% díobh siúd a chaitheann gur thosaigh siad ag caitheamh tobac sula raibh 18 bliana slán acu – thosaigh 62% den lucht caite tobac ó aicmí socheacnamaíochta ísle nuair a bhí nó sula raibh 15 bliana slán acu i gcomparáid le 34% den lucht caite tobac a bhfuil níos mó den rachmas ag baint leo;
- Is cosúil tionchar ag nósanna a gcomhaoisigh agus an teaghlaigh maidir le caitheamh tobac ar iompar leanaí maidir le tobac a chaitheamh;
- Luaigh 76% de na hógánaigh a chaitheann go gceannaíonn siad pacaí deich dtoitín;
- Deir 77% díobh siúd a chaitheann pacaí deich dtoitín gur mbeadh dóigh mhaith nó dóigh an-mhaith ann go n-éireoidís as dá dtiocfadh dúbailt ar phraghasanna toitíní;
- Deir 92% de na daoine óga nár iarradh orthu dindiúirí aitheantais a thaispeáint nuair a cheannaigh siad toitíní go deireadh;
- Tuairiscítear ón tsuirbhé aontú mórchuid uile an phobail, idir lucht caite tobac agus daoine nach gcaitheann, le bearta d'fhonn áiteamh ar dhaoine óga gan tobac a chaitheamh:
  - Aontaíonn 87% le toirmeasc ar a chur chun cinn ar bhealach ar bith;
  - Measann 86% gur chóir córas ceadúnais a thabhairt isteach maidir le daoine a dhíolann táirgí tobac;
  - Aontaíonn 82% le cailleadh an cheadúnais go sealadach má dhíoltar tobac le daoine faoi 18;
  - Aontaíonn 59% le dúbailt thar oíche ar phraghasanna toitíní.

TNS mrbi a rinne an taighde agus bhí saothar acu ó Mary Cunningham Uasal, Stiúrthóir Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus an tOllamh Sheila Greene, Stiúrthóir an Ionaid Taighde mar gheall ar Leanaí i gColáiste na Tríonóide.

Treochtaí i gCaitheamh Tobac – Suirbhé Rianaithe

Déanann an Oifig monatóireacht maidir le leitheadúlacht agus nósanna chaitheamh an tobac ar bhonn míosúil d'fhonn léargas grinn a fháil ar na pátrúin a bhaineann le caitheamh an tobac in Éirinn.

Bíonn tairbhe ar leith lena sonraítear mar bhonn eolais le cinntí faoi bheartas rialtais agus cuireann sé leis an mbunachar fianaise ar ina leith a thugtar chun cinn na bearta is gá chun sochaí saor ón tobac a thabhairt i gcrích.

Cuireadh tús leis an tsuirbhé, arb iad áisínteacht taighde TNS mrbi a thiomsaíonn í, i mí Lúnasa 2002. Is é atá sna sonraí tiomsú na bhfreagraí ar an teileafón ó 1,000 duine os cionn 15 bliana d'aois in aghaidh na míosa as daonra na hÉireann atá ionadaíoch go náisiúnta i ndáil le hinscne, aois, aicme shóisialta agus réigiún. Déantar anailís ar leitheadúlacht chaitheamh na dtoitíní de réir trí cinn de ranganna déimeagrafacha d'fhonn tuiscint bhreise a fháil ar ghnásanna chaitheamh an tobac. Cuirtear eolas ar fáil freisin maidir leis an méid toitíní a chaitear agus an branda a roghnaítear.

Is soiléir ó na sonraí go bhfuil leitheadúlacht chaitheamh an tobac socraithe arís anois díreach faoi bhun 25% i mí na Nollag 2006. Leagtar béim leis sin ar a thábhachtaí agus atá straitéis rialaithe tobac leanúnach, cuimsitheach in Éirinn chun rátaí caite tobac a ísliú arís.

Tarraingítear suntas i dtorthaí na taighde ar an méid seo a leanas:

- Mná leath na ndaoine a chaitheann tobac;
- Is san aicme shóisialta C2 a fheictear an leibhéal is airde leitheadúlachta maidir le caitheamh an tobac, 32%;
- Is é an aoisghrúpa 19-35 bliana d'aois an grúpa is airde ráta leitheadúlachta maidir le caitheamh tobac ag 34%;
- I mBaile Átha Cliath is airde ráta caite tobac (27%) agus i gConnacht/Uladh is ísle an ráta (22%);
- Luann 18% den lucht caite tobac gur lú ná cúig thoitín in aghaidh an lae a chaitheann siad;
- Tá cúig bhranda go tréan ar an bhfód i margadh na dtoitíní i gcónaí agus difríochtaí suntasacha sna pátrúin tomhaltais de réir aoise agus inscne.

Leagtar amach torthaí na taighde seo go hachomair in Aguisín A.

An Institiúid Taighde do Shochaí Saor ón Tobac

Cuideachta theoranta an Institiúid Taighde a cuireadh ar bun mar bheart comhpháirtíochta idir an Oifig um Rialú Tobac agus ASH Ireland/Foras Croí na hÉireann/Cumann Ailse na hÉireann. Chuir an Oifig ciste ar fáil don Institiúid Taighde arís sa bhliain 2006.

Is í príomhaidhm na hInstitiúide pobal acadúil ildisciplíne a thabhairt chun cinn mar gheall ar cheist rialú an tobac agus treisiú le sochaí saor ó thobac a thabhairt chun cinn trí thabhairt faoi obair thaighde ar gach gné den tobac ó thaobh na sláinte poiblí de. I measc na ndisciplíní tá eipidéimeolaíocht, disciplíní leighis agus disciplíní eile de chuid na seirbhísí sláinte, geilleagar, dlí, eolaíochtaí iompraíochta lena n-áireofaí margaíocht agus fógraíocht, oideachas, achtúireacht, nochtadh don toit timpeallachta tobac, ceimic agus bithcheimic le tocsaineolaíocht san áireamh.

Tá roinnt tionscadal tugtha chun críche ag an Institiúid Taighde maidir le tionchar na reachtaíochta faoin ionad oibre saor ón tobac. Is é príomhaidhm atá leis an reachtaíocht sin cosaint a thabhairt don tríú páirtí, go háirithe oibrithe, ó dhrochthoradh ar nochtadh do thoit tobac dhaoine eile. Ábhar dóchais torthaí na mbearta scrúdaithe sin maidir leis an sochar atá cheana féin ón reachtaíocht. Rinneadh dul chun cinn le roinnt bearta eile staidéir i rith na bliana 2006 atá le foilsiú go gairid.

Le bliain anuas, chuir an Institiúid Taighde ábhar agus maoiniú ar fáil maidir le roinnt altanna, coimrí agus tuarascálacha. Bhí staidéar domhanda ar chaighdeán an aeir in 'Irish pubs' agus staidéar ar roinnt tithe tábhairne i mBaile Átha Cliath roimh agus tar éis thabhairt isteach na reachtaíochta faoin ionad oibre saor ón tobac ina measc.

Feabhas ar Chaighdeán an Aeir le Dlíthe maidir le Saoirse ón Tobac: Staidéar Domhanda ar Irish Pubs

Sa staidéar seo ar leibhéil truaillithe an aeir in '*Irish pubs*' traidisiúnta, a ndearnadh foilsiú air i mí Márta 2006, cuireadh '*Irish pubs*' in Éirinn i gcomórtas le '*Irish pubs*' i dtíortha eile ar fud an domhain. Tugadh chun suntais go mb'ísle de 91% an truailliú ar an aer taobh istigh ó thobac dhaoine eile i dtithe tábhairne in Éirinn ná in '*Irish pubs*' atá suite i dtíortha agus i gcathracha nach bhfuil dlíthe saoirse ón tobac i bhfeidhm iontu.

Is é a bhain leis an staidéar – arna dhéanamh ag lucht taighde ón Harvard School of Public Health (HSPH), Roswell Park Cancer Institute, an Institiúid Taighde do Shochaí Saor ó Thobac agus Rannóg na Sláinte Comhshaoil i Limistéar an Iarthair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcomhar leis an Oifig um Rialú Tobac – tástáil a dhéanamh ar chaighdeán an aeir i 128 'Irish pub' i 15 tír i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip, san Astráil agus san Áis.

Ba é an tátal ó thorthaí an staidéir a rinneadh idir an 21 Eanáir 2004 agus an 10 Márta 2006 go raibh leibhéal truaillithe an aeir istigh in '*Irish pubs*' atá suite i gcathracha saor ó thobac 93% níb ísle ná an leibhéal a aimsíodh i dithe tábhairne i gcathracha ina gceadaítear caitheamh an tobac. Go sonrach, bhí an leibhéal truaillithe ar an aer taobh istigh i dtithe tábhairne dáiríre saor ó thobac na hÉireann 91% níb ísle ar an meán na mar a bhí in 'Irish pubs' i gcathracha ina gceadaítear tobac a chaitheamh.

Caitheamh Tobac, Áitíocht agus Leibhéil Foirne i Roinnt Tithe Tábhairne i mBaile Átha Cliath Roimh agus Tar Éis an Toirmeasca Náisiúnta ar Chaitheamh Tobac, Fios Céille ag gach duine

Leis an bpáipéar seo a foilsíodh san *Irish Journal of Medical Science* sa bhliain 2006, rinneadh an tionchar a d'imir an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ón tobac ar líon na gcustaiméirí, leibhéil foirne agus rátaí caite tobac i sampla 38 teach ósta i mBaile Átha Cliath a mheas.

Tugadh cuairt ar gach teach tábhairne sular tugadh isteach an toirmeasc agus tugadh an athchuairt díreach bliain dar gcionn. Rinneadh anailís ar na sonraí a tiomsaíodh ar bhonn réamhreachtaíochta agus iar-reachtaíochta agus an cúiteamh á riar i gcás imeachtaí móra cosúil le hócáidí spóirt nó coirmeacha ceoil.

Ba léir ó thorthaí na taighde comhlíonadh iomlán i gcás na reachtaíochta gan aon chustaiméir a thabhairt faoi deara ag caitheamh tobac istigh sna tithe ósta. Bhí laghdú fíorshuntasach 77.8% ar líon na ndaoine a chaitheadh tobac ar dhul go teach ósta dóibh. Léirigh an taighde go raibh ísliú 8.8% ar líon na mball foirne a bhí fostaithe sna tithe ósta. Bhí ardú 11% ar líon na gcustaiméirí agus ardú ar na leibhéil áitiochta i 13 teach ósta as 38 i gcomparáid le sé cinn inar tharla ísliú.

Ba é Stiúrthóir Ginearálta na hInstitiúide Taighde, an tOllamh Luke Clancy a bhí i gceannas ar an tionscadal agus foireann taighde ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i gceist. Bhí cómhaoiniú ar an staidéar ón RCD Hospital Trust. Bronnadh gradam ar phríomhúdar an pháipéir Marie McCaffrey as ucht an pháipéir ab fhearr a foilsíodh san *Irish Journal of Medical Science* i rith na bliana 2006.

DE RÉIR NA n-ÓGÁNACH A CHAITHEANN TOBAC BÍONN I BHFAD NÍOS MÓ DE NA FADHBANNA SEO A LEANAS ACU: GEARRANÁIL, RÉAMA, CÁRSÁN, AGUS SLÁINTE NÍOS MEASA TRÍD IS TRÍD.

US Department of Health and Human Services. *Preventing Tobacco Use Among Young People: A Report of the Surgeon General.* Atlanta, US Department of Health and Human Services, 1994.

CUSPÓIR 4

An **tairbhe a chur in iúl** a bhainfeadh le hathrú go dtí pobal atá saor ón tobac

Tá ar cheann de phríomhchuspóirí na hOifige um Rialú Tobac bonn eolais a chur faoi dhearcadh an phobail agus cur le líon na ndaoine a aontaíonn le bearta rialaithe tobac. Tá fianaise ann go mbíonn ról den fhíorthábhacht ag rialú comhshaoil agus rialáil chuimsitheach maidir le táirgí tobac i laghdú ar ídiú an tobac go háirithe i measc dhaoine óga. Ní féidir éifeacht a bheith le bearta rialaithe dá sórt, áfach, ach amháin nuair a bhíonn siad siúd a mbíonn tionchar acu orthu ar an eolas go hiomlán maidir lena gcuid dualgas agus nuair a aontaíonn an pobal i gcoitinne leo agus nuair a éilíonn an pobal go ngéillfear dóibh.

I rith na bliana 2006, dhírigh an Oifig ar na bearta cumarsáide seo a leanas:

- Seoladh fheachtas eolais poiblí lenar díríodh aird ar an dualgas atá ar mhiondíoltóirí cloí leis an reachtaíocht maidir le díolachán tobac le daoine faoi aois;
- Tacú leis an ráta ard comhlíonta maidir leis an reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac trí fheachtas eolais réigiúnach ag cur na Líne Ló-Ghlao maidir leis an gComhlíonadh i gcúrsaí Saoirse ón Tobac chun cinn;
- An tuarascáil taighde *Children, Youth and Tobacco: Behaviour, Perceptions and Public Attitudes* a fhoilsiú agus a sheoladh;
- Oibriú i gcomhar go hidirnáisiúnta le háisínteachtaí agus eagraíochtaí comhchineáil;
- Comhoibriú leanúnach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS agus comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha eile maidir leis an athrú um phobal saor ó thobac.

D'eisigh an Oifig preaseisiúintí chomh maith, pléadh le réimse fiosrúchán ó na meáin chumarsáide agus le gnáthiarratais ar eolas. Rinneadh dáileadh ar fhoilseacháin agus ar cháipéisí treorach de chuid na hOifige agus leanadh den fhorbairt ar an láithreán gréasáin www.otc.ie

Feachtais Eolais Phoiblí

Coinnítear na leanaí saor ó thobac
Ag an am céanna agus a foilsíodh an tuarascáil *Children, Youth and Tobacco* maidir le taighde dá cuid, sheol an Oifig feachtas eolais náisiúnta d'fhonn aird a dhíriú ar a bhfuil de dhualgas ar mhiondíoltóirí maidir le cinntiú nach ndíoltar táirgí tobac leo siúd faoi 18 bliana d'aois.

Leagadh béim san fheachtas ar a gceanglaítear ar na miondíoltóirí faoin reachtaíocht[1] maidir le cinntiú go bhfuil siad siúd a cheannaíonn táirgí dá sórt 18 bliana d'aois nó níos sine agus moladh go n-iarrfaí ID chun díolachán le daoine faoi aois a sheachaint.

Ba é an teachtaireacht a cuireadh trasna leis an bhfeachtas nach é amháin go bhfuil ceangal faoin dlí ar an miondíoltóir ach go bhfuil dualgas moráltachta freisin i gceist gan táirgí tobac a dhíol le daoine faoi aois. Craoladh fógraí raidió ar stáisiúin náisiúnta agus áitiúla agus foilsíodh fógraí clóite go réigiúnach i mboscaí fógraí faoin aer i ngar do shiopaí nuachtán agus siopaí miondíolacháin eile. Foilsíodh fógraí chomh maith i bhfoilseacháin áirithe a bhaineann le lucht miondíolacháin. Cuireadh an feachtas ar siúl an dara leath de mhí na Samhna agus mí na Nollag d'fhonn teacht an t-am céanna agus seoladh na tuarascála taighde maidir le leanaí agus daoine óga.

1 Faoi Alt 3 an Achta Tobac (Health Promotion and Protection), 1988, arna leasú ag Alt 2 an Achta Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001, beidh siad siúd a dhíolann táirgí tobac le duine faoi aois a 18 bliana "ciontach i gcion."

Tá ag éirí le saol gan tabac – bíodh sin amhlaidh
I rith na bliana 2006, sheol an Oifig feachtas fógraíochta ar staisiúin raidió réigiúnacha chomh maith d'fhonn an Líne Ló-Ghlao (1890 333 100) faoin gComhlíonadh i gcás na reachtaíochta faoin tSaoirse ón Tobac a chur chun cinn. Ceapadh téama an fheachtais "Tá ag éirí le saol gan tabac – bíodh sin amhlaidh" d'fhonn aird a tharraingt ar a fheabhas agus d'oibrigh ionaid oibre saor ó thobac ag an am céanna a rabhthas ag tabhairt deise don phobal chun ábhar buartha nó gearán a bhain le neamhchomhlíonadh an dlí a chur in iúl. Gaillimh, Maigh Eo agus an Cábhán/Muineacháin na limistéir a roghnaíodh don chéad chéim den fheachtas agus rinneadh an craolachán le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag.

Caidreamh leis na Meáin

Seoladh Thuarascáil Bhliantúil na bliana 2005
I mí Márta 2006, sheol an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Seán Power Uasal TD, Tuarascáil Bhliantúil na hOifige don bhliain 2005. Rinneadh trácht go forleathan sna meáin chumarsáide ar shonraí na tuarascála agus béim á leagan, go háirithe, ar na hardleibhéil a bhain i gcónaí leis an gcomhlíonadh i gcás na reachtaíochta maidir leis an ionad oibre saor ón tobac.

Seoladh na Tuarascála Taighde 'Children, Youth and Tobacco'
Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal TD, an tuarascáil seo ar an 28 Samhain 2006. Bhí daoine ó na meáin chumarsáide náisiúnta maille le hionadaithe ó eagraíochtaí óige agus spóirt i láthair ag an ócáid. Tharraing an seoladh trácht suntasach sna meáin, rud a chinntigh go raibh aird an phobail ar feadh tamaill ar an gceist faoin óige agus an tobac. Deimhníodh trácht náisiúnta ar an teilifís, raidió agus sna nuachtáin chomh maith le trácht ar an raidió agus na nuachtáin go réigiúnach. Bhí agallaimh bheo nó taifeadta le hurlabhraí de chuid na hOifige mar chuid den trácht sin go minic.

Feabhas ar chaighdeán an aeir le dlíthe maidir le saoirse ón Tobac: Staidéar Domhanda ar "Irish Pubs"
Rinne an Oifig comhordú i gcomhar leis an Harvard School of Public Health ar sheoladh thorthaí an staidéir in Éirinn a raibh craoladh idirlín a bhí le feiceáil ar a iarraidh i gceist leis i mí Márta 2006. Leagadh béim sa mhír chraolta ar an idirlíon, a raibh taighdeoirí as Éirinn agus tíortha thar lear le feiceáil ann, ar na difríochtaí idir torthaí maidir le truailliú aeir ó thír go tír.

Fiosrúchán ó Iriseoirí
I rith na bliana 2006, bhí suim mhór go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i mbearta rialaithe tobac. Ó tharla gurbh í Éire an chéad tír inar tugadh isteach reachtaíocht faoin ionad oibre saor ó thobac, bíonn aird shuntasach i gcónaí ar chás na hÉireann. Dá bhrí sin, bhí beagnach 200 fiosrú ó lucht iriseoireachta a d'fhreagair an Oifig agus bhíodh agallaimh agus ábhar díreach eile ó urlabhraí de chuid na hOifige i gceist mar gheall ar chuid mhaith de na fiosruithe sin.

Caidreamh agus Beartaíocht Idirnáisiúnta

I rith na bliana 2006, chuir an Oifig dlús breise le caidreamh idirnáisiúnta atá idir í agus a chomhchineál eagraíochtaí agus leanadh ag déanamh cion oibre maidir le tograí i gcomhar.

An Eagraíocht Sláinte Dhomhanda (ESD)
Ar an 10 agus 11 Aibreán, d'eagraigh an Oifig, thar ceann na Roinne Sláinte agus Leanaí, cruinniú de chuid na ESD de na comhpháirtithe náisiúnta maidir leis an Straitéis Eorpach do Rialú an Tobac. Bhí ionadaithe thar ceann 30 tír i láthair ag an gcruinniú seo arbh é ba príomhaidhm leis athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht den Tuarascáil Eorpach maidir le Rialú an Tobac.

Rinne na comhpháirtithe freisin toradh an chéad Chomhdháil de na Páirtithe le Creatchoinbhinsiún ESD ar Rialú Tobac (FCTC) a mheas chomh maith leis na chéad chéimeanna eile san obair agus na dúshláin a bhain leis an gCoinbhinsiún. Dhaingnigh Éire an FCTC, an chéad chonradh sláinte poiblí riamh sa domhan, i mí na Samhna 2005.

Tugadh cuireadh don Oifig chomh maith tuairisc a thabhairt ar na cora is deireanaí maidir le bearta rialaithe tobac in Éirinn agus ba í an Príomh-Fheidhmeannach Gníomhach a chuir sin i láthair. I lár chathair Bhaile Átha Cliath a reachtáladh an ócáid agus thug na toscairí cuairt ar Farmleigh House i bPáirc an Fhionnuisce.

Comhdhálacha agus Cruinnithe

D'fhreastail ionadaithe de chuid na hOifige ar an 13ú Comhdháil Dhomhanda faoin Tobac nó an tSláinte a reachtáladh i Washington, DC i mí Iúil. Bhí an taighde is deireanaí ar eolaíocht an tobac agus a chuid tionchair á chur i láthair ag an gcomhdháil agus bhí sonraí nua ar ábhair cosúil leis an andúil, éirí as an tobac, an polasaí poiblí agus toit tobac sa chomhshaol i measc ar cuireadh in iúl. Thug an ócáid mhór seo deis do na toscairí chomh maith scrúdú a dhéanamh maidir le tionchar an FCTC ar fud an domhain go dtí seo. Chuir comhalta den Bhord, an tOllamh Shane Allwright agus an Príomh-Fheidhmeannach Gníomhach eolas faoi chomhlíonadh na reachtaíochta faoin ionad saor ó thobac in Éirinn i láthair ag an gcomhdháil. Chomh maith, chuir an t-Ollamh Allwright agus a comhghleacaithe taighde dhá pháipéar agus coimriú ar thorthaí an Staidéir ar Bheáir na h-Éireann i láthair. Ag an ócáid seo a ghlac an tAire Power, thar ceann na Roinne Sláinte agus Leanaí, le gradam mórchlú Luther L. Terry Award mar gheall ar cheannródaíocht eiseamláireach na hÉireann maidir le rialú tobac.

I rith na bliana 2006, chuir foireann na hOifige le cruinnithe éagsúla ghrúpaí oibre idirnáisiúnta, seimineáir agus comhdhálacha maidir le tabhairt chun cinn an pholasaí i gcúrsaí rialú tobac. Rinneadh cur i láthair do lucht Revenue and Customs na Ríochta Aontaithe (HMRC), ag an National Smoke-Free Conference a d'eagraigh Smoke-Free Liverpool i Sasana agus ag Comhdháil Náisiúnta na Tuirce maidir leis an Tobac nó an tSláinte in Ankara.

An Comhar

Is aidhm den tábhacht ag an Oifig cur chuige an chomhair a chinntiú san obair maidir le rialú tobac in Éirinn.

I rith na bliana 2006, leanadh den chomhobair dhlúth le heagraíochtaí neamhrialtais. Is gné ríthábhachtach den athrú um phobal saor ó thobac an cion oibre a dhéanann ASH Ireland, Cumann Ailse na hÉireann agus Foras Croí na hÉireann.

Is léir, i gcomhthéacs na mbearta forfheidhme, gur den riachtanas chomh maith ceangal dlúth a choimeád le réimse leathan áisínteachtaí agus eagraíochtaí. Bhí an Oifig ag obair ar feadh na bliana 2006 leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS, Údarás Sláinte agus Sábhailteachta agus Cumann na nOifigeach Sláinte Comhshaoil (COSC).

I mí Meitheamh 2006, bhí an Oifig ina comhurraí ar an 9ú Comhdháil Dhomhanda maidir le Sláinte Comhshaoil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. COSC a d'eagraigh an chomhdháil agus rinne stiúrthóirí de chuid na hOifige cathaoirleacht ar phríomhsheisiún faoi rialú tobac chomh maith le haitheasc a chur i láthair ann.

I mí na Samhna, bhí an Oifig, in éineacht le Cumann Ailse na hÉireann, ina comhurraí ar an gComhdháil Náisiúnta faoi Chosc agus Éirí as an Tobac a d'eagraigh FSS an Iarthair. Ba é téama a bhí leis an imeacht sin a eagraíodh i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, *Tobacco & Inequalities; Addressing the Challenges*. Thug Príomh-Fheidhmeannach na hOifige an t-aitheasc clabhsúir ag an gcomhdháil.

Iarratais ar Eolas

D'fhreagair an Oifig níos mó ná 1200 iarratas ar eolas a tháinig i rith na bliana 2006. Tháinig na hiarratais sin ar an nguthán, ar faics, ar ríomhphost nó i litir. Tá feidhm ríomhphoist ar láithreán gréasáin na hOifige freisin lenar féidir caidreamh a dhéanamh linn agus tháinig líon suntasach ceisteanna ar an gcaoi sin. B'ón taobh amuigh d'Éirinn cuid mhaith de na fiosruithe a rinneadh agus bhain siad le taithí na hOifige ar reachtaíocht faoin ionad oibre saor ón tobac a thabhairt isteach agus monatóireacht a dhéanamh mar gheall air.

Láithreán Gréasáin

Tá ról tábhachtach ag an láithreán gréasáin **www.otc.ie** maidir le clár cumarsáide na hOifige. Leagtar amach ar an láithreán príomhchuspóirí agus príomhbheartaíocht na hOifige agus cuidíonn sé le heolas a scaipeadh ar réimse leathan daoine ar fud na tíre agus thar lear.

Tugadh faoi thionscnaimh éagsúla maidir leis an láithreán gréasáin i rith na bliana 2006. Ba é an beart ba shuntasaí leathnú Réimse na gComhaltaí ionas go bhfuil réimse ar leith anois ann inar féidir le OSC monatóireacht agus plé a dhéanamh ar chora nua maidir leis an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le Rialú Tobac. Cuireadh roinnt feabhsúchán i bhfeidhm chomh maith a mba cúrsaí deartha ba bhun leo ionas gur nua-aimseartha arís dreach agus cuma an tsuímh.

Rinne níos mó ná 25,600 cuairteoir aonair bealach go dtí an láithreán gréasáin i rith na bliana 2006.

MAIDIR LE DEATACH ATHLÁIMHE FAIGHEANN NAÍONÁIN AGUS LEANAÍ ÓGA A BHÍONN FAOI LÉ AN DEATAIGH SIN IONFHABHTUITHE SA CHONAIR RIOSPRÁIDE ÍOCHTAIR AMHAIL BROINCÍTEAS AGUS NIÚMÓINE.

US Department of Health and Human Services. *The Health Consequences of Involuntary Exposure to Tobacco Smoke: A Report of the Surgeon General.* Atlanta, US Department of Health and Human Services, 2006.

CUSPÓIR 5

Coinneáil **ag tabhairt críochnúlacht agus acmhainn na hOifige agus na foirne chun cinn** d'fhonn cinntiú go gcomhlíontar na feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil

Ceann de phríomhspriocanna na hOifige cinntiú go bhfuil na córais, na hacmhainní agus na modhanna taca is gá ar fáil ionas gur féidir leis an eagraíocht an clár oibre maidir le rialú tobac a chur i bhfeidhm. Cinntítear le héifeachtacht san eagrúchán agus le polasaithe feabhsaithe chomh maith go mbaineann an Oifig amach luach an airgid agus an buiséad a dháiltear uirthi á chaitheamh.

Rinneadh dul chun cinn agus feabhas éifeachtachta ar fud réimsí éagsúla i rith na bliana 2006, ina measc:

- Teicneolaíocht an Eolais;
- Acmhainní daonna agus oiliúint;
- Polasaithe agus nósanna imeachta;
- Airgeadas;
- Saoráil Faisnéise;
- Cóiríocht Oifige.

Teicneolaíocht an Eolais

Cuidíonn teicneolaíocht an eolais (TE) go mór leis an Oifig sa díograis maidir leis na cuspóirí a bhaint amach. Ligeann feabhsúchan leanúnach ar na córais TE don Oifig timpeallacht oibre níos fearr a chruthú don fhoireann agus ligeann sé dóibhsean oibriú níos éifeachtúla.

I rith na bliana 2006, chomh maith le hinfheistíocht leanúnach agus infrastruchtúr TE agus stáisiúin oibre níos fearr a chur isteach, thug an Oifig isteach córas bainistíochta nua maidir le taifid chomh maith. Tá soláthraithe leis sin d'fheabhas ar choinneáil na gcomhad agus cinntítear leis go bhfuil ar chumas na foirne cáipéisi a chur ar thaifead agus a aimsiú arís ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí. Déantar soláthar leis an gcóras do cheapadh, eagrú agus bhainistiú an eolais ar feadh feidhmeanna uile na hOifige.

Acmhainní Daonna agus Oiliúint

Cuireann feabhas ar eolas, scileanna agus inniúlacht na foirne, chomh maith le feabhas ar struchtúir, leis an gcultúr eagrúcháin is cúl taca do bhaint amach na bpríomhchuspóirí. Sa chomhthéacs sin, tá ríthábhacht maidir le forbairt leanúnach na hOifige le hoiliúint leanúnach ar an bhfoireann reatha agus le hearcú acmhainní nua.

I rith na bliana 2006, earcaíodh baill foirne ar fud fheidhmeanna uile na hOifige. Ba mhór an scéal líonadh roinnt postanna sinsearacha, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Cumarsáide agus Oideachais agus an Stiúrthóir Eolais, Polasaí agus Clár ina measc.

Cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann sna réimsí seo a leanas i rith na bliana:

- Saoráil Faisnéise;
- Teicneolaíocht an Eolais;
- Caidreamh poiblí;
- Scileanna scríbhneoireachta gnó agus tuairisce;
- Airgeadas;
- Sláinte agus Sábháilteacht, cúram céad cabhrach, eirgeanamaíocht agus éalú i gcás dóiteáin san áireamh.

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Tá sé ar cheann de na príomhriachtanais ag an Oifig cinntiú go bhfuil na polasiathe agus na nósanna imeachta cearta i bhfeidhm don Oifig.

Ag teacht le cora nua ar fud na seirbhíse poiblí, táthar ag leanacht de chur chun cinn an dea-chleachtais maidir le hacmhainní daonna. Áirítear leis sin próiseas bhainistiú feidhmíochta a thabhairt chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach ina thaobh sin i rith na bliana 2006. Beidh an próiseas ina bhonn faoi chur chuige níos straitéisí maidir le tabhairt chun cinn na foirne, bunaithe ar thuiscint ghlé ar ról gach ball den fhoireann agus ar an gceangal idir an ról sin agus príomhchuspóirí na hOifige. In éineacht leis an mbainistiú feidhmíochta, tá an próiseas pleanála gnó treisithe ag an Oifig chomh maith agus béim níos mó á leagan ar athbhreithniú agus ar mheasúnacht.

Airgeadas

Déanann an fheidhm airgeadais monatóireacht agus tuairisciú rialta maidir le buiséad leithdháilte na hOifige agus cinntiú go sásaítear na riachtanais faoi reachtaíocht na cuntasachta agus an íoc pras.

Buiséad leithdháilte de €2.315m a tugadh don Oifig sa bhliain 2006 maille le deontas caipitil de €75k. Leagtar amach ráiteas airgeadais ina leagtar amach ioncam agus caiteachas na hOifige don bhliain sa chéad roinn eile den tuarascáil seo.

D'fhonn feabhas a chur ar na córais chuntasaíochta agus na modhanna oibre maidir le rialachas corparáide san eagraíocht, rinne lucht na hiniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú ar ghnásanna airgeadais na hOifige. Tháinig dá bharr sin gur cuireadh lámhleabhar ar fáil maidir leis na nósanna imeachta. Tugadh measúnú leitheadach ar an mbagairt don ghnó chun críche chomh maith i dtús na bliana agus rinneadh athbhreithniú agus leasú air níos deireanaí sa bhliain. Bhí ag baint leis sin go ndearna gach rannóg an bhagairt a d'fhágfadh nach dtabharfaí cuspóirí gnó na hOifige i gcrích a shonrú. Rinneadh gach baol a mheas i dtéarmaí an tionchair a d'fhéadfadh a bheith uaidh agus an dóigh go dtitfeadh sé amach. Bhí an measúnú baoil sin ar an gcéad chéim i gclár foirmeálta bainistithe baoil ag an Oifig.

De réir Alt 24 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, cuirfidh an Oifig cuntais airgeadais don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2006 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimh dheireadh mí Márta 2007. Ar thabhairt na hiniúchóireachta chun críche, bronnfar cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an Aire Sláinte agus Leanaí a thabharfaidh go leagtar cóipeanna os comhair dhá Thí an Oireachtais.

Saoráil Faisnéise

Síníodh rialacháin ina ndlí i mí Bealtaine 2006, lenar foráladh do leathnú Saoráil Faisnéise (SF) go dtí grúpa de níos mó ná 130 comhlacht poiblí, an Oifig um Rialú Tobac ina measc. Dearbhaítear leis na hAchtanna um Saoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 go bhfuil de cheart ag duine den phobal teacht a bheith aige ar eolas oifigiúil chomh mór agus is féidir agus sin ag teacht leis an leas poiblí agus le ceart príobháideachta an duine aonair.

D'fhonn an bealach a réiteach maidir leis an Oifig a thabhairt faoi scáth na Rialachán SF, ceapadh oifigeach SF agus lucht déanta cinntí SF agus cuireadh faoin oiliúint chuí iad. Ag teacht le hAltanna 15 agus 16 na nAchtanna SF, foilsíodh treoir maidir le feidhmeanna agus taifid na hOifige chomh maith agus ceapadh foirm iarratais d'fhonn éascaíocht ag déanamh iarratais.

Cóiríocht Oifige – Oscailt Oifigiúil

I mí na Nollag 2006, d'oscail an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Seán Power Uasal TD, cóiríocht nua oifige na hOifige i bPáirc na Mílaoise, Nás, Contae Chill Dara. Bhí ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS, eagraíochtaí neamhrialtais agus ionadaithe áitiúla i láthair ag an ócáid mar aíonna ag Cathaoirleach na hOifige.

RÁITEAS AIRGEADAIS (Neamhiniúchta[1])

Seo a leanas briseadh síos ar Ioncam agus Caiteachas na hOifige sa bhliain 2006:

IONCAM	
Ioncam Deontais	2,390,000
Ioncam Eile	4,667
Iomlán Ioncaim	**2,394,667**
Aistriú go dtí/(ón) cuntas caipitil	106,544
	2,501,211
CAITEACHAS	**(2,524,202)**
Barrachas/(Easnamh) na tréimhse	(22,991)
Iarmhéid an 1 Eanáir 2006	46,856
Iarmhéid an 31 Nollaig 2006	**23,865**

1. Tá na figiúirí thuas bunaithe ar chuntais don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2006, gan iniúchóireacht orthu go fóill ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

PRÍOMHCHEANNTEIDIL CAITEACHAIS 2006



APPENDIX A

Treochtaí maidir le Caitheamh Toitíní don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

Baineann le caitheamh toitíní a bhfuil tuairisc air i measc an daonra (sampla = 15 bliana d'aois agus níos sine).

Cairt 1: **Leitheadúlacht Chaitheamh an Tobac**
An tréimhse 12 mí dar chríoch mí na Nollag 2006

Bunaithe ar an gceist:
"An gcaitheann tú toitín amháin nó níos mó in aghaidh na seachtaine?"



Tá an leitheadúlacht ghinearálta maidir le caitheamh toitíní in Éirinn 24.7% i mí na Nollag 2006 (Cairt 1).

Figiúr 1: **An Lucht Caite Tobac ar fad: Leitheadúlacht Lucht Caite Toitíní (mar % den Daonra)**
Iomláin ualaithe míosúla faoi seach go dtí mí na Nollag 2006



Léirítear i bhFigiúr 1 na hathruithe sna rátaí caitheamh toitíní a tuairiscíodh i rith na bliana.

Figiúr 2: **An Lucht Caite Tobac ar fad: Leitheadúlacht Lucht Caite Toitíní (mar % den Daonra)**
Meántreocht bheo 12 mí go dtí mí na Nollag 2006



Cuireann an mheántreocht bheo 12 mí pátrún níos réidh faoi na sonraí ionas go dtugtar léargas níos fearr ar na nósanna caitheamh tobac le himeacht aimsire mar a chuirtear i láthair i bhFigiúr 2. Léiríonn na sonraí go bhfuil laghdú tagtha ar an leitheadúlacht ón mbliain 2003 ach go bhfuil malairt treo i gceist de bheagán ón mbliain 2005.

Cuirtear na sonraí leitheadúlachta faoi anailís de réir cheannteidil dhéimeagrafacha éagsúla mar seo a leanas:

Cairt 2: **Leitheadúlacht chaitheamh na dtoitíní de réir Inscne** An tréimhse 12 mí dar chríoch mí na Nollag 2006



Léirítear i gCairt 2 an briseadh síos ar lucht caite tobac de réir inscne amhail mí na Nollag 2006. Tá caitheamh tobac chomh leitheadúil céanna anois i measc na mban agus atá i measc na bhfear.

Cairt 3: **Leitheadúlacht chaitheamh na dtoitíní de réir Aoisghrúpa** An tréimhse 12 mí dar chríoch mí na Nollag 2006



Léirítear i gCairt 3 go dtuairiscíonn níos mó ná duine sa chúigear idir 15 agus 18 bliana d'aois go gcaitheann siad tobac. Is iad na daoine idir 19-35 bliana d'aois an chatagóir is suntasaí agus duine as gach triúr sa chatagóir aoise sin rangaithe i measc an lucht caite tobac.

Cairt 4: **Leitheadúlacht chaitheamh na dtoitíní de réir Aicme Sóisialta** An tréimhse 12 mí dar chríoch mí na Nollag 2006



Léirítear i gCairt 4 an briseadh síos ar leitheadúlacht chaitheamh an tobac de réir aicme sóisialta. Is i measc na n-aicmí sóisialta C2 agus DE is airde rátaí caite tobac agus is i measc na bhfeirmeoirí is ísle iad.

Daoine a chaitheann tobac

Daoine nach gcaitheann tobac

Cairt 5: **Leitheadúlacht chaitheamh na dtoitíní de réir Réigiúin** An tréimhse 12 mí dar chríoch mí na Nollag 2006



Léirítear i gCairt 5 gur airde na rátaí caite tobac i limistéar Bhaile Átha Cliath ná sa chuid eile den tír. I gConnacht/ Uladh is ísle an ráta leitheadúlachta.

Cairt 6: **Líon na dToitíní a Chaitear in aghaidh an Lae** Bunaithe ar thuairisc gach duine a chaitheann.



Léirítear i gCairt 6 líon na dtoitíní a chaití in aghaidh an lae i measc na ndaoine ar fad a thuairiscíonn go gcaitheann siad tobac amhail mar a bhí i mí na Nollag 2006. Deich dtoitín sa lá nó líon níos lú a chaitheann 46% den lucht caite tobac, agus idir ceann agus cúig cinn a chaitheann 18%.

Daoine a chaitheann tobac

Daoine nach gcaitheann tobac

Gluais

An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní:
Tagraíonn seo don tuairisciú d'úsáid toitíní sa daonra (15 bliain d'aois agus níos sine).

Sonraí Ualaithe:
Tá rialuithe cuóta ar an sampla socraithe lena chinntiú go gcuirtear agallamh ar gach grúpa déimeagrafach i gcomhréir lena ionadaíocht sa daonra iomlán. Nuair nach mbíonn an cuóta bainte amach nó nuair a sháraítear an cuóta, cuirtear ualuithe i bhfeidhm chun próifíl déimeagrafach deiridh an tsampla a ailíniú leis an daonra iomlán.

Meántreocht gluaiseachta 12 mí:
Tá an staitistic meántreochta gluaiseachta 12 mí leagtha amach chun luach sonraí na míosa reatha, agus figiúirí na 11 mí roimhe sin a fháil agus an meán a fháil. Úsáidtear é sin go hiondúil chun fáil réidh le torann (méideanna móra d'éagsúlachtaí idir luachanna míosúla) ó na sonraí ionas gur féidir patrún glan a fheidhmiú agus gur féidir an treocht iarbhír a bhíonn ag tarlú a léamh níos éasca.

Patrún Glan (Glanta):
Patrún Glan (Glanta): Is é an tuairim atá ann ná go gcuireann meán a bhíonn ag gluaiseacht deireadh le héagsúlacht sna sonraí chun patrún níos cothromaí a chur i bhfeidhm, dá réir bíonn sé níos éasca an treocht leasa dáiliúcháin a fheiceáil.

Catagóirí Aicmí Sóisialacha:

A Daoine gairmiúla, bainisteoirí an-sinsearacha i ngnó agus i dtráchtáil nó státseirbhísí ag an leibhéal is airde

B Feidhmeannaigh Meán-Bhainistíochta in eagraíochtaí móra Príomhoifigigh i rialtas áitiúil agus sa státseirbhís Bainistíocht Shinsearach nó úinéirí ghnóthaí beaga, agus eagraíochtaí oideachais agus seirbhíse

C1 Bainistíocht shóisearach, úinéirí gnólachtaí beaga agus gach duine eile i bpoist nach mbíonn obair láimhe i gceist leo

C2 Gach oibrí láimhe oilte agus na hoibrithe láimhe sin a bhíonn freagrach as daoine eile

D Gach oibrí láimhe leath-oilte agus neamhoilte

E Iad sin ar fad a bhíonn ag brath go hiomlán ar an stát go fadtéarmach, iad sin a bhíonn dífhostaithe do thréimhse níos mó ná 6 mhí

F Feirmeoirí nó bainisteoirí feirme

(Foinse: AIMRO Treoir Caighdeánach d'Aicmí Sóisialacha)

AGUISÍN B

Foilseacháin de chuid na hOifige um Rialú Tobac

Catagóir	Foilseachán
Treoir	Treoir d'fhostóirí agus do bhainisteoirí Treoir do thrádáil cheadúnaithe na hÉireann
Eolas	Toit ó Dhaoine Eile: na fíricí Sochaí saor ó thobac a chur chun cinn Achoimre ar an tuairisc maidir le toit timpeallachta tobac (ETS) sa láthair oibre
Tuarascálacha	Láithreacha oibre saor ó thobac in Éirinn – Athbhreithniú bliana Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis bliana amháin Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis 9 mí Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis 6 mhí Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis míosa amháin I ndáil le sochaí shaor ó thobac: achoimre ar thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe maidir le Polasaí Shaor ón Tobac
Tuarascálacha Bliantúla	Tuarascáil Bhliantúil 2004 Tuarascáil Bhliantúil 2005
Taighde	Polasaithe maidir le saoirse ón tobac – taighde margaidh agus léirmheas ar an litríocht maidir leis an tionchar eacnamaíochta ar an earnáil fáilteachais Mná na hÉireann agus an Tobac: eolas, meon agus tuairimíocht Tuairisc ar an toradh sláinte ó thoit Leanaí, an Óige agus an Tobac: Iompar, Tuiscintí agus Meon an Phobail
Comharthaí agus Póstaeirí	Comhartha Cosc ar Tobac Póstaer Tithe Tábhairne Saor ó Thoit Póstaer do Mhiondíoltóirí: Cuidigh linn stop a chur le caitheamh tobac i measc daoine faoi aois

NOTAÍ